# RIALACHÁN (AE) Uimh. 1211/2010 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 15 Nollaig 2010

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu nuair atá na teorainneacha seachtracha á dtrasnú acu agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ba cheart go mbeadh comhdhéanamh na liostaí tríú tíortha agus críocha in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle ([2]) ar comhréir leis na critéir atá leagtha síos in Aithris 5 den Rialachán sin, agus ba cheart go bhfanfadh sé ar comhréir leis na critéir sin. Maidir le tríú tíortha nó críocha a bhfuil athrú tagtha ar a staid maidir leis na critéir sin, ba cheart iad a aistriú ó Iarscríbhinn amháin go dtí an Iarscríbhinn eile.

(2) Níl aon chosaint ann a thuilleadh maidir le ceanglas víosa a fhorchur ar shaoránaigh na Téaváine ós rud é, go háirithe, nach bhfuil riosca inimirce mídhleathaí nó bagairt ar bheartas poiblí don Aontas ag baint leis an gcríoch, agus i bhfianaise caidreamh seachtrach, i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach in Aithris 5 de Rialachán (CE) Uimh. 539/2001. Dá dhroim sin, ba cheart an tagairt don chríoch sin a aistriú chuig Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh feidhm ag léirscaoileadh víosa maidir le sealbhóirí pasanna arna n-eisiúint ag an Téaváin ar pasanna iad a bhfuil uimhir chárta aitheantais orthu, agus maidir leo sin amháin.

(3) Ba cheart tagairt do na hOileáin Mháirianacha Thuaidh a scriosadh ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 539/2001, ós rud é go bhfuil saoránaigh na críche atá i dtrácht, mar shealbhóirí pasanna na Stát Aontaithe, ina saoránaigh de chuid na Stát Aontaithe ar tír í, atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(4) Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, is é atá sa Rialachán seo ná forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([3]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (B), de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin ([4]).

(5) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo ná forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([5]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (B) agus pointe (C), de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([6]).

(6) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo ná forbairt ar fhorálacha acquis Schengen de réir bhrí an Phrótacail a síníodh idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (B) agus pointe (C) de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/261/CE ón gComhairle ([7]).

(7) Is é atá sa Rialachán seo ná forbairt ar fhorálacha acquis Schengen nach nglacann an Ríocht Aontaithe páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de acquis Schengen ([8]); dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach ina ghlacadh agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Samhain 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 25 Samhain 2010.
([2]) IO L 81, 21.3.2001, lch. 1.
([3]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 2.
([4]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 31.
([5]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.
([6]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 1.
([7]) IO L 83, 26.3.2008, lch. 3.
([8]) IO L 131, 1.6.2000, lch. 43.

(8) Is é atá sa Rialachán seo ná forbairt ar fhorálacha acquis Schengen nach nglacann Éire páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de acquis Schengen [1]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach ina ghlacadh agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) Maidir leis an gCipir, is é atá sa Rialachán seo ná gníomh lena gcuirtear le acquis Schengen nó a bhfuil baint ar shlí eile aige le acquis Schengen de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003.

(10) Is é atá sa Rialachán seo ná gníomh lena gcuirtear le acquis Schengen nó a bhfuil baint ar shlí eile aige le acquis Schengen de réir bhrí Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 leis seo mar a leanas:

1. Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) i gCuid 1, scriostar an tagairt do na hOileáin Mháirianacha Thuaidh;

(b) i gCuid 2, scriostar an tagairt don Téaváin.

2. In Iarscríbhinn II, cuirtear isteach an méid seo a leanas:

"4. EINTITIS AGUS ÚDARÁIS CHRÍCHE NACH bhFUIL AITHEANTA MAR STÁIT AG BALLSTÁT AMHÁIN AR A LAGHAD:

An Téaváin (*)

(*) Tá feidhm ag an díolúine ón gceanglas víosa maidir le sealbhóirí pasanna arna n-eisiúint ag an Téaváin ar pasanna iad a bhfuil uimhir chárta aitheantais orthu, agus maidir leo sin amháin.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile is go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 15 Nollaig 2010.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
J. BUZEK

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
O. CHASTEL

[1] IO L 64, 07.3.2002, lch. 20.